



AN LIMISTÉAR EORPACH EACNAMAÍOCH (LEE), AN EILVÉIS AGUS AN TUAISCEART

Bunaíodh an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) in 1994 chun forálacha an Aontais Eorpaigh maidir lena mhargadh inmheánach a leathnú chuig tíortha Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE). Is páirtithe sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch iad an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin. Is comhalta de CSTE í an Eilvéis ach níl sí rannpháirteach in LEE. Tá ceangal freisin idir AE agus comhpháirtithe LEE (an Iorua agus an Íoslainn) trí 'bheartais thuaisceartacha' agus fóraim éagsúla a dhíríonn ar na críocha is sia ó thuaidh san Eoraip atá ag forbairt go tapa agus ar réigiún an Artaigh ina iomláine.

AN BUNÚS DLÍ

I gcás LEE: Airteagal 217 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Comhaontuithe Comhlachais).

I gcás na hEilvéise: Comhaontú Árachais 1989, Comhaontuithe Déthaobhacha I 1999, Comhaontuithe Déthaobhacha II 2004.

AN LEE

A. Cuspóirí

Is éard is cuspóir an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) ná margadh inmheánach an Aontais Eorpaigh a leathnú chuig tíortha i gComhlachas Saorthrádála na hEorpa (LSTE). Ní mian leis na tíortha sin atá i gComhlachas Saorthrádála na hEorpa faoi láthair ballraíocht a ghlacadh san Aontas. Ar iad a chomhaontú í a ionchorprú, is cuid de reachtaíocht thíortha LEE í reachtaíocht AE a bhaineann leis an margadh inmheánach. Ina dhiaidh sin, déanann comhlachtaí sonracha CSTE agus Comhchoiste Parlaiminteach faireachán ar chur chun feidhme agus forfheidhmiú na reachtaíochta.

B. Cúlra

In 1992, rinne comhaltaí CSTE, a raibh seacht gcomhalta ann an uair sin, comhaontú a chaibidliú lena lamháladh dóibh páirt a ghlacadh san tionscadal uaimhianach i dtaobh mhargadh inmheánach an Chomhphobail Eorpaigh, ar cuireadh tús leis in 1985 agus a cuireadh i gcrích i ndeireadh 1992. Rinneadh an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a shíniú an 2 Bealtaine 1992 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

Ba ghearr, áfach, gur tháinig laghdú ar líon comhaltaí CSTE/LEE: roghnaigh an Eilvéis gan an comhaontú a dhaingniú tar éis toradh diúltach i reifreann ar an ábhar, agus



chuaigh an Ostair, an Fhionlainn agus an tSualainn isteach san Aontas Eorpach in 1995. Níor fhan in LEE ach an Íoslainn, an Iorua agus Lichtinstéin. Nuair a chuaigh na 10 mBallstát nua isteach in AE an 1 Bealtaine 2004, rinneadh comhaltaí de LEE go huathoibríoch iad. Níor thaise don Bhulgáir ná don Rómáin é nuair a chuaigh siadsan isteach san Aontas in 2007, ná don Chróit in 2013^[1].

I mí an Mheithimh 2009, rinne an Íoslainn iarratas ar bhallaíocht in AE freisin mar bhealach chun teacht slán as an ngéarchéim dhomhanda airgeadais in 2008. An 17 Meitheamh 2010, ghlac an Chomhairle le hiarratas na hÍoslainne, agus cuireadh tús leis an gcaibidlíocht i mí an Mheithimh 2011. Tar éis na dtoghchán parlaiminteach in Aibreán 2013, áfach, scor an comhrialtas nua lárnach deasach, a bhí comhdhéanta de Pháirtí an Neamhspleáchais agus den Pháirtí Forásach, den chaibidlíocht. I mí an Mhárta 2015, mhaígh an comhrialtas an méid seo a leanas i litir chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh: ‘níor cheart a mheas go bhfuil an Íoslainn ina tír is iarrthóir do bhallaíocht san Aontas Eorpach’. Cé nár tharraing an rialtas an t-iarratas siar go hoifigiúil, thug uachtaránacht Chomhairle AE aird ar an litir, agus rinneadh coigeartuithe praiticiúla áirithe laistigh den Chomhairle agus den Choimisiún araon. Dá réir sin, ní chaitheann AE leis an Íoslainn mar thír is iarrthóir faoi láthair.

Nuair a tharraingeoidh an Ríocht Aontaithe siar as AE, fágfaidh sí LEE freisin. Dá mba mhian léi fanacht sa mhargadh inmheánach, d’fhéadfadh sí rogha a dhéanamh dul isteach in CSTE arís agus a bheith ina comhalta de LEE trí CSTE. Ní móide go dtarlóidh sé sin, áfach, mar bheadh ar an Ríocht Aontaithe glacadh le reachtaíocht AE, le híocaíochtaí le AE agus le dlínse Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

C. Raon feidhme LEE

Téann LEE níos faide ná comhaontuithe saorthrádála traidisiúnta (CSTanna) trí chearta agus oibleagáidí iomlána mhargadh inmheánach AE a leathnú chuig tíortha CSTE (cé is moite den Eilvéis). Cuimsíonn LEE ceithre shaoirse an mhargaidh inmheánaigh (saorghluaiseacht earraí, daoine, seirbhísí agus caipitil) agus beartais ghaolmhara (iomaíocht, iompar, fuinneamh, agus comhar eacnamaíoch agus airgeadaíochta). Tá beartais chothrománacha a bhaineann go docht leis na ceithre shaoirse mar chuid den chomhaontú: beartais shóisialta (lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht ag an obair, dlí an tsaothair agus cóir chomhionann d’fhir agus do mhná); beartais maidir le cosaint tomhaltóirí, maidir leis an gcomhshaol, maidir le staidreamh agus maidir le dlí na gcuideachtaí; agus roinnt beartais tionlacain, amhail iad siúd a bhaineann le taighde agus forbairt theicneolaíoch, nach bhfuil bunaithe ar acquis AE ná ar ghníomhartha atá ceangailteach ó thaobh dlí ach a chuirtear chun feidhme trí ghníomhaíochtaí comhair.

D. Teorainneacha LEE

Le Comhaontú LEE, ní bhunaítear forálacha ceangailteacha i ngach earnáil den mhargadh inmheánach nó i mbeartais eile faoi Chonarthaí AE. Ní bhaineann a fhorálacha ceangailteacha leis an méid seo a leanas go háirithe:

- An comhbheartas talmhaíochta agus an comhbheartas iascaigh (cé go bhfuil forálacha sa chomhaontú maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta agus iascaigh);

[1]Tá an comhaontú maidir le rannpháirtíocht na Cróite in LEE á chur i bhfeidhm go sealadach ó mhí Aibreáin 2004 i leith agus tiocfaidh sé i bhfeidhm go foirmiúil an túsce a bheidh an daingniú déanta ag na Ballstáit uile.



- An t-aontas custaim;
- An comhbheartas trádála;
- An comhbheartas eachtrach agus slándála;
- An réimse ceartais agus gnóthaí baile (cé go bhfuil tíortha uile CSTE i limistéar Schengen); ná
- leis an aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta (AEA).

E. Institiúidí agus sásraí LEE

1. Corprú reachtaíocht AE

Scrúdaíonn Comhchoiste de chuid LEE, ar a bhfuil ionadaithe ó AE agus ó thrí stát CSTE-LEE, téacsanna nua maidir le margadh inmheánach AE. Buailéann an coiste sin le chéile uair sa mhí agus cinneann sé cén reachtaíocht — agus, ar bhonn níos ginearálta, cé na gníomhartha AE (gníomhaíochtaí, cláir, etc.) — ba cheart a chuimsiú in LEE. Déantar reachtaíocht a chorprú go foirmiúil trí na gníomhartha ábhartha a chur san áireamh i liostaí de na prótacail agus na hiarscríbhinní a ghabhann le Comhaontú LEE. Rinneadh na mílte gníomh a chuimsiú i gComhaontú LEE ar an gcaoi sin. Comhairle de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch, atá comhdhéanta d'ionadaithe ó Chomhairle AE agus d'Airí Gnóthaí Eachtracha stát CSTE-LEE, tagann sí le chéile dhá uair sa bhliain ar a laghad chun treoirínte polaitiúla a tharraingt suas don Chomhchoiste.

2. Trasuí

A luaithe a dhéantar gníomh AE a chorprú i gComhaontú LEE, ní mór é a thrasuí i reachtaíocht náisiúnta thíortha CSTE-LEE (má cheanglaítear amhlaidh faoin reachtaíocht náisiúnta sin). Chun é sin a dhéanamh, b'fhéidir nach mbeadh de dhíth ach cinneadh ón rialtas, nó b'fhéidir go mbeadh formheas na parlaiminte ag teastáil ina leith. Cúram foirmiúil is ea trasuí, agus ní féidir na gníomhartha a choigeartú ach ar bhealach teicniúil ag an tráth sin. Tá forálacha ann lena sonraítear gur cheart do thíortha CSTE a bheith rannpháirteach in ullmhú gníomhartha AE.

3. Faireachán

Tar éis reachtaíocht an mhargaidh inmheánaigh a leathnú go tíortha CSTE-LEE, déanann Údarás Faireacháin CSTE agus Cúirt CSTE faireachán ar thrasuí agus cur i bhfeidhm na reachtaíochta sin. Coinníonn Údarás Faireacháin CSTE scórchlár don mhargadh inmheánach lena rianaítear cur chun feidhme na reachtaíochta i dtíortha LEE.

4. Ról na bparlaimintí

Tá dlúthbhaint ag Parlaimint na hEorpa agus ag parlaimintí náisiúnta stáit CSTE-LEE leis an bhfaireachán a dhéantar ar Chomhaontú LEE. Le hAirteagal 95 den chomhaontú, bunaítear Comhchoiste Parlaiminteach LEE (CCP), a thagann le chéile faoi dhó sa bhliain. Déanann Parlaimint na hEorpa agus parlaimintí náisiúnta LEE sealaíocht ar an gcoiste sin a óstáil. Déanann Feisire de Pharlaimint na hEorpa agus feisire náisiúnta ó LEE sealaíocht gach bliain ar chathaoirleacht an choiste. Tá 12 comhalta ar gach toscaireacht. Freastalaíonn feisirí ó Chomhdháil Chónaidhme



na hEilvéise ar na cruinnithe mar bhreathnóirí. Déanann CCP LEE grinnscrúdú ar reachtaíocht uile AE atá infheidhme maidir le LEE. Tá an ceart ag comhaltaí CCP ceisteanna ó bhéal agus i scríbhinn a chur ar ionadaithe de chuid Chomhairle LEE agus Chomhchoiste LEE agus a dtuairimí a chur in iúl i dtuarascálacha nó i rúin. Is é an nós imeachta céanna atá ann le haghaidh grinnscrúdú a dhéanamh ar chur chun feidhme na reachtaíochta.

AN EILVÉIS

Mar chomhalta de CSTE, ghlac an Eilvéis páirt sna caibidlíochtaí le haghaidh Chomhaontú LEE agus rinne sí an comhaontú a shíniú an 2 Bealtaine 1992. Díreach ina dhiaidh sin, an 22 Bealtaine 1992, rinne Rialtas na hEilvéise iarratas ar aontachas leis an Aontas Eorpach a chur isteach. Tar éis reifreann a ritheadh an 6 Nollaig 1992, áfach, arbh é vóta in aghaidh an tír a bheith rannpháirteach in LEE a thoradh, scor Comhairle Chónaidhmeach na hEilvéise de thóraíocht na ballraíochta in AE agus in LEE don tír. Ó shin i leith, tá a caidreamh le AE forbartha ag an Eilvéis trí chomhaontuithe déthaobhacha chun a lánpháirtíocht eacnamaíoch leis an Aontas Eorpach a choimirciú. Cuireadh brú ar an gcaidreamh de dheasca an tionscnaimh i gcoinne na hinimirce ó mhí na Feabhra 2014, a raibh mar thoradh air gur caitheadh amhras ar phrionsabail na saorghluaiseachta agus an mhargaidh aonair atá mar bhonn don chaidreamh sin. An 16 Nollaig 2016, ghlac Parlaimint na hEilvéise an Dlí maidir le hEachtrannaigh lenar cuireadh toradh reifreann 2014 chun feidhme ar bhealach lenar cuireadh teorainn lena éifeacht, ní a réitigh an bealach chun tús a chur le normalú an chaidrimh idir AE agus an Eilvéis. Tugtar tús áite d'áitritheoirí na hEilvéise faoin dlí nuair a bhíonn daoine á n-earcú i gcomhair poist sna hearnálacha ina bhfuil rátaí dífhostaíochta atá os cionn an mheáin. Mheas AE nach gcuirfeadh an dlí sin srian le cearta shaoránaigh AE faoi shaorghluaiseacht daoine.

Tá breis agus 120 comhaontú déthaobhach sínithe ag AE agus an Eilvéis, lena n-áirítear comhaontú saorthrádála in 1972 agus dhá shraith mhóra de chomhaontuithe déthaobhacha earnála lenar cuireadh cuid mhór de dhlí na hEilvéise i gcomhréir le dlí AE tráth an tsínithe. Síniódh an chéad tacar comhaontuithe earnála (ar a dtugtar Déthaobhach I) in 1999 agus tháinig sé i bhfeidhm in 2002. Leis na seacht gcomhaontú sin, cumhdaítear an tsaorghluaiseacht agus oscailt fhrithpháirteach an mhargaidh^[2]. Síniódh tacar breise comhaontuithe earnála (ar a dtugtar Déthaobhach II) in 2004 agus tháinig siad sin i bhfeidhm de réir a chéile ó 2005 go 2009. Baineann na comhaontuithe sin go príomha le comhar eacnamaíoch a neartú agus le comhar maidir le tearmann agus saorthaisteal a leathnú laistigh de theorainneacha Schengen^[3].

Cé gur neartaigh na comhaontuithe an caidreamh eacnamaíoch, bhíodar ina n-údar freisin le gréasán casta, éadáite uaireanta, oibleagáidí. Is gá comhaontuithe déthaobhacha a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus níl an gus atá ag roinnt le

[2]Baineann na seacht gcomhaontú leo seo a leanas: saorghluaiseacht daoine, aeriompar, iompar de thalamh, trádáil i dtáirgí talmhaíochta, bacainní trádála teicniúla, soláthar poiblí agus comhar taighde.

[3]Baineann na comhaontuithe sin le rannpháirtíocht na hEilvéise i gCoinbhinsiún Schengen agus i gCoinbhinsiún Bhaile Átha Cliath, le comhaontuithe maidir le cánachas ar choigilteas, le táirgí próiseáilte talmhaíochta, le staidreamh, le comhrac na calaoise, leis an rannpháirtíocht i gclár MEDIA an Aontais Eorpaigh agus sa Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, agus le rannfocailíochtaí na hEilvéise leis an gcomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta i mBallstáit nua AE.



comhaontú LEE ag roinnt le comhaontuithe déthaobhacha. Lena chois sin, tá siad ar díth socruithe faireachais nó sásraí éifeachtacha um réiteach díospóidí. Chun na fadhbanna sin a réiteach, an 22 Bealtaine 2014, cuireadh tús le caibidlíocht idir AE- agus an Eilvéis do Chreat-Chomhaontú Institiúideach. Bhí sé mar aidhm leis an gcaibidlíocht réiteach a fháil ar shaincheisteanna éagsúla achrannacha, ó na coinníollacha do sholáthraithe seirbhíse AE san Eilvéis go dtí ról na Cúirte Breithiúnais i réiteach díospóidí. Chinn Comhairle AE gan tuilleadh rochtana ar an margadh aonair (a mhéid a bhaineann le leictreachas, mar shampla) a thabhairt don Eilvéis in éagmais an chreat-chomhaontaithe sin, agus nasc sí an chaibidlíocht le hionaid trádála a bheith á n-aithint san Eilvéis chun bheith incháilithe an Treoir nua maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais (MiFID II) agus sa Rialachán maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais (MiFIR), a tháinig i bhfeidhm an 3 Eanáir 2018, a chomhlíonadh. Níor dámhadh coibhéis airgeadais ach ar feadh aon bhliain amháin.

Ó bhí 2017 ann, bhlátaigh caidreamh dearfach agus rinneadh roinnt comhaontuithe déthaobhacha, lena n-áirítear an Comhaontú um Aitheantas Frithpháirteach, a thabhairt cothrom le dáta. I mí na Samhna 2017, shínigh an tAontas Eorpach agus an Eilvéis comhaontú nua chun a gcórais trádála astaíochtaí (ETS) a nascadh le chéile agus sheol an Eilvéis an nós imeachta inmheánach i gcomhair ranníocaíocht nua airgeadais ón Eilvéis chun éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta i roinnt Ballstát a laghdú. I bhfómhar na bliana 2018, faoi dheoidh, tháinig AE agus an Eilvéis ar chomhaontú mar leis an gCreat-Chomhaontú Institiúideach, ach tá cinneadh le déanamh fós ag Rialtas na hÉilvéise maidir le conas dul ar aghaidh leis an daingniú náisiúnta, óir is eagal leis go gcuirfí ina choinne.

BEARTAIS THUAISCEARTACHA

Tá baint ghníomhach ag AE le roinnt beartas agus fóram atá dírithe ar na críocha is sia ó thuaidh san Eoraip atá ag forbairt go tapa agus ar réigiún an Artaigh ina iomláine, go háirithe trí rannchuidiú leis an méid seo a leanas:

- “Diminsean an Tuaiscirt”, atá ina chomhbheartas ag AE, ag an Rúis, ag an Iorua agus ag an Íoslainn ó 2007. Is comhlánú ar idirphlé idir AE agus an Rúis é an beartas sin, agus mar thoradh air, cruthaíodh comhpháirtíochtaí éifeachtacha earnála le haghaidh comhair i réigiúin Mhuir Bhailt agus Barents. Mar chuid de Dhiminsean an Tuaiscirt, tá comhlacht parlaiminteach — Fóram Parlaiminteach Dhiminsean an Tuaiscirt — a bhfuil Parlaimint na hEorpa ar cheann de na comhaltaí bunaitheacha de;
- Cuireadh Comhairle Stáit Mhuir Bhailt (CSMB) ar bun in 1992 tar éis díscáileadh APSS. Ba iad AE agus na stáit bhruachánacha a chuir ar bun í. Glacann gach Ballstát in CSMB páirt i gComhdháil Pharlaiminteach Mhuir Bhailt (CPMB) agus is comhalta di freisin í Parlaimint na hEorpa;
- Comhar i réigiún Barents, trína dtugtar le chéile réigiúin thuaidh na Fionlainne, na hIorua agus na Sualainne agus réigiúin thiar thuaidh na Rúise. Déantar é trí Chomhairle Réigiúnach Barents (atá faoi bhun leibhéal an stáit), trí Chomhairle Eora-Artach Barents (comhairle idir stáit a bhfuil AE mar chomhalta di), agus trí chomhdháil pharlaiminteach (a bhfuil Parlaimint na hEorpa ina comhalta di);



- Gnóthaí impholacha a bhaineann leis an Artach: tá beartas Artach AE bunaithe ar theachtaireachtaí ón gCoimisiún/SEGS (2008, 2012 agus 2016), ar chonclúidí na Comhairle (2009, 2014 agus 2016) agus ar rúin ó Pharlaimint na hEorpa (2011 agus 2014). Rinneadh rún nua ó Pharlaimint na hEorpa maidir le ‘Beartas comhtháite AE don Artach’ a ghlacadh an 16 Márta 2017. In 2013, thug an Chomhairle Artach an ceart do AE freastal ar chruinnithe na Comhairle. Níl cinneadh glactha ag an gComhairle fós, áfach, maidir leis an iarraidh ón Aontas Eorpach in 2008 ar stádas foirmiúil mar bhreathnóir a bheith aige. Is comhalta de Chomhdháil Parlaiminteoirí an Artaigh í Parlaimint na hEorpa;
- Rannpháirtíocht Parlaimint na hEorpa i seisiúin bhliantúla na Comhairle Nordaí, a dtugtar cuireadh di chucu go tráthrialta. Chomh maith leis sin, buaileann toscaireachtaí ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Nordach Thiar (atá comhdhéanta d’fheisirí parlaiminte ó na hOileáin Fharó, ón nGraonlainn agus ón Íoslainn) le chéile uair sa bhliain.

Mario Damen / Fernando Garcés de los Fayos
05/2019

